# Curaidh na hÉireann

Eochairfhocail: caid, Ciarraí, an Ríocht, mórálach, na croíthe, bonn, ceiliúradh

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1.Ar chodail imreoirí Chiarraí mórán aréir, dar leis an tuairisceoir?
2.Cé mhéad craobh Uile-Éireann atá buaite anois ag bainisteoir Chiarraí, Jack O'Connor?
3.Cén ról a bhí ag Aodán Mac Gearailt?
4.Cá mbeidh an fhoireann ag ceiliúradh an oíche sin, dar le Dylan Geaney?
5.Cá raibh an tuairisceoir, Seán Mac an tSíthigh, ag caint sa mhír nuachta?
6.Cén ceantar i gCiarraí arb as do Bhrian Ó Beaglaoich?
7.Cén saghas slua a bhí bailithe le chéile i dTrá Lí, dar le Brian Ó Beaglaoich?
8.Céard é an rud is tábhachtaí i gCiarraí, de réir Bhriain?
9.Cá rachaidh an fhoireann nuair a fhágfaidh siad Trá Lí?
10. An dtaitníonn an pheil Ghaelach leat? Cén fath?




Foghlaim TG4

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

Críochnaigh an abairt. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| **1. Bhuaigh foireann peile Chiarraí** | **A**. an-bhródúil as na himreoirí |
| **2.** Is é Jack O'Connor | **B.** don fhoireann i rith na bliana |
| **3.** Rinne na himreoirí ceiliúradh i | **C.** i gCiarraí arís den chéad uair le 3 bliana |
| **4.** Thug an lucht leanúna tacaíocht iontach | **D.** ar shráideanna Thrá lí le comhghairdeas a dhéanamh leis na himreoirí |
| **5.** Tá an fhoireann bainistíochta | **E.** bainisteoir fhoireann peile Chiarraí |
| **6.** Is ball é Brian Ó Beaglaoich de | **F.** baint an-taitnimh as an mbua |
| **7.** Tháinig na mílte duine amach | **G. craobh peile na hÉireann i mbliana** |
| **8.** Chuaigh rudaí áirithe i gcoinne | **H.** tábhachtaí i gCiarraí |
| **9.** Is léir go bhfuil na himreoirí ag | **I.** na n-imreoirí i rith na bliana |
| **10.** Tá corn Sam Maguire ar ais | **J.** dTrá lí agus i gCill Áirne |
| **11.** Is í an chaid an rud is | **K.** chumann caide na Gaeltachta |


| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G** | | | | | | | | | | |

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Cuir an focal ceart isteach san áit chuí agus ansin scríobh an cuntas ina iomláine amach.

**laoch, slachtmhar, taispeántas, seaimpíní, saineolaithe, air, maitheasa**

Is iad Ciarraí ___________ na hÉireann arís sa pheil. Bhí bua _________ acu i gcoinne Dhún nan Gall. Cheap na ____________ roimh ré go mbeadh an cluiche idir dhá cheann na meá go dtí an deireadh ach i ndáiríre bua sách éasca a bhí ann do na Ciarraígh sa deireadh. Níor imir Dún na nGall go maith in aon chor agus bhí Ciarraí ag imirt i mbarr a__________. Anuas ____ sin, bhí David Clifford ag imirt do Chiarraí. Bhí sár-chluiche ag _____ Fhosaidh agus a dheartháir, Páidí. Bhí tionchar mór millteach ag an mbeirt acu ar thoradh an chluiche. Níorbh iad amháin a d'imir go maith do Charraí áfach, __________ iontach foirne a bhí ann ó thús go deireadh an chluiche agus bhí an bua tuillte go maith acu, gan aon amhras.



## Freagraí

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G** | E | J | B | A | K | D | I | F | C | H |

Is iad Ciarraí seaimpíní na hÉireann arís sa pheil. Bhí bua slachtmhar acu i gcoinne Dhún na nGall. Cheap na saineolaithe roimh ré go mbeadh an cluiche idir dhá cheann na meá go dtí an deireadh ach i ndáiríre bua sách éasca a bhí ann do na Ciarraígh sa deireadh. Níor imir Dún na nGall go maith in aon chor agus bhí Ciarraí ag imirt i mbarr a maitheasa. Anuas air sin, bhí David Clifford ag imirt do Chiarraí. Bhí sár-chluiche ag laoch Fhosaidh agus a dheartháir, Páidí. Bhí tionchar mór millteach ag an mbeirt acu ar thoradh an chluiche. Níorbh iad amháin a d'imir go maith do Chiarraí áfach, taispeántas iontach foirne a bhí ann ó thús go deireadh an chluiche agus bhí an bua tuillte go maith acu, gan aon amhras.




Foghlaim TG4